# Tuarascáil Bhliantúil

## 2023

BERS
An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach
An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais

# Clár


Réamhrá 2

Achoimre feidhmiúcháin 4

Inphrionta 8

# Réamhrá



*Christine Lagarde, Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach*

**Tá an-áthas orm an 13ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), a chlúdaíonn an tréimhse idir 1 Aibreán 2023 agus 31 Márta 2024, a chur i láthair.** Leis an tuarascáil seo, atá dírithe ar chomhreachtóirí san Aontas Eorpach agus ar phobal na hEorpa i gcoitinne, mínítear cén chaoi ar chomhlíon BERS a sainordú. Is cuid thábhachtach de thrédhearcacht agus de chreat cuntasachta BERS í.

**Bhí timpeallacht mhaicreacnamaíoch dhúshlánach, luaineacht shuntasach sna margaí airgeadais agus éiginnteacht ard gheopholaitiúil i gceist leis an tréimhse faoi athbhreithniú.** Bhí cláir chomhardaithe na ngnólachtaí agus na dteaghlach faoi bhrú mar gheall ar an moilliú ar an bhfás, ar an mboilsciú ard agus ar dhálaí sriantacha airgeadais. Sa dara leath de 2023, chuir luaineacht sa mhargadh bannaí domhanda béim ar an gcaoi a bhfuil margaí airgeadais fós leochaileach airgeadais fós leochaileach do cheartúcháin mhí-ordúla ar phraghsanna sócmhainní. Chuir an cogadh leanúnach san Úcráin agus an choinbhleacht sa Mheánoirthear i gcuimhne dúinn go bhféadfadh teannas geopholaitiúil géarú tráth ar bith. I dteannta a chéile, d’fhág na tosca sin go raibh na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais fós ard.

**Bhí córas airgeadais an Aontais athléimneach le linn na tréimhse deacra sin, lena n-áirítear le linn suaitheadh baincéireachta i mí an Mhárta 2023 sna Stáit Aontaithe agus san Eilvéis agus suaitheadh i margaí bannaí domhanda níos déanaí an bhliain sin.** Chuir bainc na hEorpa tús leis an tréimhse le cóimheasa caipitil agus leachtachta i bhfad níos airde ná mar a bhí roimh an ngéarchéim airgeadais dhomhanda. Chuir beartais stuama mhacrastuamachta leis an athléimneacht sin. Ach is meabhrúchán iad na himeachtaí atá doiciméadaithe sa tuarascáil seo ar a thábhachtaí atá sé a bheith ar an airdeall i gcónaí, agus athléimneacht a choinneáil ar bun nó a mhéadú fiú ar fud an chórais airgeadais. I gcomhréir leis sin, rinne roinnt Ballstát a mbeartais mhacrastuamachta níos doichte – go háirithe iad siúd a bhaineann le caipiteal maolánach.

**Dhírigh cuid thábhachtach d’obair BERS le linn na tréimhse athbhreithnithe sin ar rioscaí sistéamacha a bhfuil baint acu le hinstitiúidí airgeadais bainc agus neamhbhainc.** Leathnaigh BERS an tsraith straitéisí um beartas oibríochtúil chun aghaidh a thabhairt ar chibir-riosca trí phríomhréimsí gníomhaíochta a shainaithint, lena n-áirítear uirlisí bainistithe faisnéise agus comhordúcháin. Lean sé freisin de mheasúnú a dhéanamh ar impleachtaí sistéamacha na gcripteashócmhainní agus an airgeadais dhíláraithe, agus thángthas ar an gconclúid gur cheart do na húdaráis a n-acmhainneacht a neartú chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa chriptea-éiceachóras agus ar na himpleachtaí méadaitheacha a d’fhéadfadh a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais. Ina theannta sin, chuir BERS – i gcomhpháirt leis an mBanc Ceannais Eorpach – cur chuige macrastuamachta céimnitheach spriocdhírithe inscálaithe chun cinn chun dul i ngleic le rioscaí aeráide.

**Chuaigh BERS i dteagmháil go gníomhach le comhreachtóirí an Aontais chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé peirspictíocht mhacrastuamachta a áireamh sna hathchóirithe rialála leanúnacha ar an earnáil airgeadais neamhbhainc.** Is díol sásaimh do BERS gur tugadh chun críche na hathbhreithnithe reachtacha a bhaineann le **cistí infheistíochta**, **árachóirí** agus **imréiteach lárnach**. Cuideoidh na rialacha athbhreithnithe chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na leochaileachtaí ar tharraing BERS aird orthu. Ag an am céanna, tá sé thar am i gcónaí athchóiriú a dhéanamh ar an rialachán lena rialaítear cistí margaidh airgid an Aontais. I mí na Bealtaine 2024 sheol an Coimisiún Eorpach **comhairliúchán** spriocdhírithe chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na mbeartas macrastuamachta le haghaidh idirghabháil airgeadais neamhbhainc. Beidh sé ar cheann de thosaíochtaí BERS in 2024 rannchuidiú leis an bpróiseas tábhachtach sin.

**Le linn na tréimhse athbhreithnithe, d'fhág beirt chomhghleacaithe mór le rá a róil in BERS.** Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Claudia Buch, ar tháinig deireadh lena ról mar Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Teicniúil nuair a ceapadh ina Cathaoirleach í ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Chuir Claudia go mór le hobair BERS, agus tá áthas orm go leanfaidh BERS de thairbhe a bhaint as a léargas ina ról nua. Gabhaim buíochas le Ignazio Visco freisin, ar tháinig deireadh lena théarma mar chomhalta de Bhord Ginearálta BERS i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Christine Lagarde

Cathaoirleach BERS

# Achoimre feidhmiúcháin

**Ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024 tréimhse athbhreithnithe na Tuarascála Bliantúla seo.**

**Bhí rioscaí arda cobhsaíochta airgeadais fós ann in 2023 agus go luath in 2024 mar gheall ar thimpeallacht mhaicreacnamaíoch dhúshlánach, luaineacht shuntasach sna margaí airgeadais agus éiginnteacht ard gheopholaitiúil.** Mar thoradh ar na hionchais laghdaithe maidir le fás eacnamaíoch, an titim ar phraghsanna réadmhaoine agus dálaí creidmheasa dochta, bhí imní ann faoi chumas seirbhísithe fiachais na n-iasachtaithe agus faoi rioscaí timthriallacha ar bhonn níos ginearálta. Tháinig moill ar fhíorfhás OTI san Aontas in 2023 de réir mar a rinne freagairt an bheartais airgeadaíochta ar na brúnna arda praghsanna a bhealach tríd an bhfíorgheilleagar agus de réir mar a cuireadh deireadh de réir a chéile leis an tacaíocht fhioscach a cuireadh ar fáil le linn phaindéim an choróinvíris (COVID-19). Bhí tionchar maolaitheach ar an iomlán ag boilsciú ard, in éineacht le rátaí úis níos airde, ar infheistíocht gnólachtaí agus ar chinntí tomhaltais teaghlach. Chuir luaineacht shuntasach i margadh domhanda na mbannaí sa dara leath de 2023 dúshlán freisin roimh chobhsaíocht airgeadais, go háirithe i gcás earnálacha neamhbhainc agus infheisteoirí a raibh neamhchosaintí arda ar riosca ráta úis acu. Ina theannta sin, chuir an cogadh san Úcráin, mar aon leis an méadú ar an teannas sa Mheánoirthear sa chuid dheireanach de 2023, le héiginnteachtaí geopholaitiúla. Ag féachaint chun cinn, d'fhéadfadh rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a bheith mar thoradh ar mhéadú breise ar an teannas geopholaitiúil.

**Bhain bainc san Aontas brabúis láidre amach in 2023 agus bhí siad fós athléimneach in aghaidh strus baincéireachta domhanda.** Tháinig méadú suntasach ar bhrabúis bhainc an Aontais in 2023, arna spreagadh ag glanioncam úis níos airde, agus tháinig laghdú de réir a chéile ar chóimheasa iasachta neamhthuillmhí (NPL) go dtí na leibhéil is ísle riamh. Dheimhnigh torthaí na tástala struis a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) ar fud an Aontais in 2023 go mbeadh bainc an Aontais fós athléimneach i gcás díobhálach a mbeadh cúlú eacnamaíoch tromchúiseach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, ardú ar rátaí úis agus raonta difríochta creidmheasa níos airde ag baint leis. Tháinig deimhniú breise ar athléimneacht bhainc an Aontais ón tionchar teoranta a bhí ag an suaitheadh baincéireachta i mí an Mhárta 2023, nuair a chlis ar thrí bhanc bheaga/mheánmhéide sna Stáit Aontaithe agus nuair a tháinig leochaileachtaí chun cinn i gcodanna sonracha d'earnáil baincéireachta na hEilvéise, rud a raibh an táthcheangal a rinne UBS ar Credit Suisse mar thoradh air. Ag féachaint chun cinn, in ainneoin bhrabúsacht agus athléimneacht láidir earnáil baincéireachta an Aontais in 2023, tá na rioscaí fós ard. Ní bhraithfear tionchar iomlán an bhoilscithe aird agus an t-ardú géar ar rátaí úis ach le himeacht ama. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar chorrlaigh úis, rud a mhaolóidh brabúsacht bhainc an Aontais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh meath ar cháilíocht sócmhainní san fhadtéarma a bheith mar thoradh ar an ionchas fáis lag, mar aon le dálaí dochta maoiniúcháin. Thairis sin, dá leanfadh an teannas sa mhargadh airgeadais de bheith ann, d'fhéadfadh méadú teacht ar rioscaí cistiúcháin do na bainc. I bhfianaise an ardleibhéil éiginnteachta, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheoidh na bainc a n-athléimneacht ionas gur féidir leo suaití a sheasamh ar ionchas macra-airgeadais atá lag cheana féin.

**Agus a chuid oibre leanúnaí maidir le rioscaí sistéamacha a shainaithint sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) á comhlánú aige, rannchuidigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) le cleachtaí tástála struis na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEnna).** Le linn na tréimhse athbhreithnithe, cheap BERS cásanna díobhálacha don chiste margaidh airgid agus do thástálacha struis contrapháirtí lárnaigh a rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) in 2023. Ina theannta sin, cheap BERS cásanna díobhálacha don anailís aonuaire ''Oiriúnach do 55'' ar chásanna riosca aeráide, agus cuirfear torthaí na hanailíse sin san áireamh sa tuarascáil chríochnaitheach a chuirfidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.[1]

**Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil Bhliantúil seo, rinne BERS machnamh ar roinnt saincheisteanna a d'eascair as an idirghníomhú idir an timpeallacht eacnamaíoch atá i réim agus leochaileachtaí ar fud an chórais airgeadais.**[2] Áiríodh leis sin machnamh a dhéanamh ar cheachtanna a d'fhéadfaí a bhaint as suaitheadh baincéireachta mhí an Mhárta 2023, amhail na himpleachtaí a bhaineann le rioscaí ráta úis níos airde do bhainc. D'oibrigh BERS freisin ar fheabhas a chur ar fhaireachán agus ar thomhas na gné sistéamaí de rioscaí leachtachta.

**Le linn na tréimhse athbhreithnithe d'oibrigh BERS ar roinnt sainchomhad beartais trasteorann agus trasearnála tábhachtacha.** Mar chuid den obair sin, d'fhoilsigh BERS agus an Banc Ceannais Eorpach tuarascáil chomhpháirteach maidir le creat macrastuamachta chun riosca aeráide a bhainistiú. Chuir BERS moltaí beartais ar aghaidh freisin maidir le rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann le cibirtheagmhais, cripteashócmhainní agus airgeadas díláraithe. Ceapadh an machnamh agus na moltaí a rinne sé chun na rioscaí agus na leochaileachtaí aitheanta a bhaineann leis an gcóras airgeadais ar fad a mhaolú. Rinne BERS, in éineacht leis an mBanc Ceannais Eorpach, breithniú freisin ar na himpleachtaí a bheadh ag timpeallacht ina mbeadh boilsciú níos airde agus rátaí úis níos airde ar bheartas macrastuamachta, ag díriú go háirithe ar na hidirghníomhaíochtaí idir beartas airgeadaíochta agus beartas macrastuamachta ag céimeanna éagsúla den timthriall. Áiríodh leis an obair thrasearnálach agus thrasghearrthach sin nuashonrú ar a mheasúnú ar earnáil na réadmhaoine cónaithe (RRE) agus obair bhreise tar éis eisiúint Mholadh BERS maidir le neamhchosaintí réadmhaoine tráchtála (CRE).[3] Agus a mheasúnú maidir le réadmhaoin chónaithe á thabhairt cothrom le dáta aige, tháinig BERS ar an gconclúid go raibh an leibhéalú sna margaí réadmhaoine cónaithe róghearr chun a mheasúnú ar na rioscaí in 2021 a athrú go hábhartha.

**Lean BERS dá chuid oibre maidir le beartais a bhaineann go sonrach leis an earnáil baincéireachta.** Áiríodh leis sin rannchuidiú le hathbhreithniú leanúnach an Choimisiúin Eorpaigh ar an gcreat macrastuamachta. Rinneadh fís fhadtéarmach BERS maidir le beartas macrastuamachta a dhoiciméadú sa **Nóta Coincheapa** uaidh in 2022, atá fós mar bhonn do rannchuidiú BERS leis an athbhreithniú. Ina theannta sin, tá tuilleadh oibre á déanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhfuil coincheap an ráta dhearfaigh neodraigh don mhaolán frith-thimthriallach á chur i bhfeidhm faoi láthair ag roinnt de chomhaltaí BERS.

---

1 Chun tuilleadh eolais a fháil, féach "**Oiriúnach do 55: Beart a dhéanamh de réir na dtograí**" ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

2 Féach freisin Bosca 1 dar teideal "March 2023 banking turmoil: causes and main lessons for financial stability".

3 **Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach maidir le leochaileachtaí in earnáil na réadmhaoine tráchtála sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (BERS/2022/9)** (IO C 39, 1.2.2023, lch. 1).

**Lean BERS den chreat comhchoiteann maidir le seasamh macrastuamachta do bhainc a fhorbairt ar bhonn na modheolaíochtaí a mhol sé den chéad uair in 2019 agus in 2021.** Leis an gcreat maidir leis an seasamh macrastuamachta, is féidir comparáid chórasach agus chainníochtúil a dhéanamh idir na rioscaí cobhsaíochta airgeadais agus na bearta beartais macrastuamachta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu ionas gur féidir seasamh beartais macrastuamachta gach tíre a mheas mar sheasamh neodrach, scaoilte nó docht. I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh BERS tuarascáil ina ndearnadh doiciméadú ar an dul chun cinn modheolaíochta breise laistigh den chreat sin.[4] Ina theannta sin, bhain BERS úsáid as an gcreat chun tacú le cinntí beartais macrastuamachta náisiúnta chomhaltaí BERS agus chun agóid a dhéanamh ina gcoinne freisin.

**Neartaíodh beartais mhacrastuamachta i roinnt de Bhallstáit an Aontais thar thréimhse an athbhreithnithe mar fhreagra ar an méadú ar rioscaí timthriallacha.** Rinneadh roinnt beart atá bunaithe ar chaipiteal, go príomha na bearta sin a bhaineann le caipiteal maolánach frith-thimthriallach (CCyBanna) a bhí dírithe go príomha ar na seasaimh atá ann cheana maidir le beartas macrastuamachta a dhéanamh níos doichte. Rinneadh roinnt beart bunaithe ar na hiasachtaithe (BBManna) freisin, cé nach raibh aon treo foriomlán ar leith acu ó thaobh seasaimh bheartais mhacrastuamachta na dtíortha a dhéanamh níos doichte nó níos scaoilte. Ag féachaint ar cheanglais chaipitil mhaolánaigh chomhiomlána ar fud LEE, tá laghdú foriomlán tagtha ar mhaoláin um riosca sistéamach (SyRBanna) ó bhí an phaindéim ann, ach fritháiríodh é sin den chuid is mó trí mhaoláin fhrith-thimthriallacha de mhéid chomhchosúil a fhorbairt ar bhonn comhiomlán.

**Taobh amuigh den earnáil baincéireachta, in ainneoin gur iarr BERS athchóirithe rialála arís agus arís eile san earnáil airgeadais neamhbhainc, is beag dul chun cinn atá déanta.** Le linn na tréimhse athbhreithnithe, thug comhreachtóirí an Aontais a n-athbhreithniú ar na rialacha stuamachta lena rialaítear cistí infheistíochta, árachóirí agus imréiteach lárnach i gcrích. Maidir le himréiteach lárnach, chuaigh BERS i dteagmháil leis na comhreachtóirí maidir le tograí chun ceanglas maidir le cuntas gníomhach a thabhairt isteach chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a shainaithin sé roimhe seo maidir le neamhchosaintí ar sheirbhísí imréitigh áirithe arna soláthar ag roinnt contrapháirtithe lárnacha de chuid na Ríochta Aontaithe. Leag BERS roghanna amach freisin chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le cistí infheistíochta fiachais corparáidí agus cistí infheistíochta réadmhaoine ó thaobh cobhsaíocht airgeadais de. Mar chuid dá chuid oibre chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí i gcodanna áirithe den earnáil airgeadais neamhbhainc, d'fhoilsigh BERS an tuarascáil bhliantúil uaidh dar teideal ''EU Non-bank Financial Intermediation Risk Monitor'' freisin.[5] Thug sé dá aire freisin an fógra a rinne an Coimisiún Eorpach i mí Eanáir 2024 maidir le comhairliúchán spriocdhírithe a sheoladh i ndáil le beartais mhacrastuamachta le haghaidh idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc le linn 2024. Cumhdófar freagairt BERS ar an gcomhairliúchán sin i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo chugainn.

**Chomhlíon an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach a chuid oibleagáidí cuntasachta agus tuairiscithe do Pharlaimint na hEorpa agus don phobal.** Chuige sin, d'fhreastail Cathaoirleach BERS ar éisteacht phoiblí os comhair Choiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta

---

[4] Féach an tuarascáil ón nGrúpa Teagmhála maidir le Seasamh Macrastuamachta Mheitheal Ionstraimí BERS, ''**Improvements to the ESRB macroprudential stance framework**'', an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, Eanáir 2024.

[5] **EU Non-bank Financial Intermediation Risk Monitor 2023**, an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, Meitheamh 2023.

agus Airgeadaíochta (ECON) an 20 Márta 2023 agus thionóil sé cruinnithe rúnda freisin le Cathaoirleach agus le Leas-Chathaoirligh ECON chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a phlé. Maidir lena chuntasacht don phobal, d'eisigh BERS a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2022 i mí Iúil 2023. D'eagraigh BERS roinnt comhdhálacha agus ceardlann freisin chun plé ar bheartas macrastuamachta a chothú. Mar chuid dá shainordú, thionóil BERS a chruinniú bliantúil le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta (CCEFI) agus le hiniúchóirí reachtúla institiúidí airgeadais domhanda atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIFIanna) agus árachóirí. Thionóil BERS an seachtú comhdháil bhliantúil dá chuid freisin, inar díríodh ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo maidir le cobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear rioscaí atá ag teacht chun cinn agus freagairtí rialála a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt orthu.

# Inphrionta

**© An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, 2024**

| | |
|---|---|
| Seoladh poist | 60640 Frankfurt am Main, An Ghearmáin |
| Guthán | +49 69 1344 0 |
| Suíomh Gréasáin | **www.esrb.europa.eu** |

Gach ceart ar chosaint. Ceadaítear atáirgeadh ar mhaithe le hoideachas agus le cúiseanna nach mbaineann le tráchtáil fad is go dtugtar aitheantas don fhoinse.

Tá téarmaíocht ar leith ar fáil i **ngluais BERS** (ar fáil i mBéarla amháin).

| | |
|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-9472-388-8, ISSN 2600-528X, doi:10.2849/26763 , DT-AA-24-002-GA-N |